Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Iúil 2019**
**(OR. en)**

**10997/19**

**DEVGEN 142**
**SUSTDEV 103**
**ACP 88**
**RELEX 683**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Iúil 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9233/19 |
| Ábhar: | *Supporting the Sustainable Development Goals across the world: The 2019 Joint Synthesis Report of the European Union and its Member States* [Ag tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fud an domhain: Tuarascáil Chomhchoiteann Sintéise 2019 ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit] – Conclúidí ón gComhairle (8 Iúil 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le tacaíocht a thabhairt do na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar fud an domhain: *The 2019 Joint Synthesis Report of the European Union and its Member State*s [Tuarascáil Chomhchoiteann Sintéise 2019 ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit] mar a ghlac an Chomhairle í ag an 3706ú cruinniú a bhí aici ar an 8 Iúil 2019.

**IARSCRÍBHINN**

***Supporting the Sustainable Development Goals across the world*:**
***The 2019 Joint Synthesis Report of the European Union and its Member States***
**[Ag tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fud an domhain:**
**Tuarascáil Chomhchoiteann Sintéise 2019 ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit]**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a lárnaí atá an fhorbairt inbhuanaithe don Aontas Eorpach agus go léiríonn Clár Oibre 2030 na prionsabail agus na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe. Is chun leas an Aontais agus a Bhallstát é ról ceannasach a bheith acu i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus na 17 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaineann leis agus iltaobhachas éifeachtach, a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár aige, a chur chun cinn de réir mar a leagtar síos sa Chomhdhearcadh Eorpach nua maidir le Forbairt (dá ngairfear "an Comhdhearcadh" anseo feasta) agus i Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá Fóram Ardleibhéil Polaitíochta na Náisiún Aontaithe (HLPF) agus Cruinniú Mullaigh SDG a bheidh ar siúl i mí Mheán Fómhair 2019 agus iarrann sí go mbeidh an tAontas agus a Bhallstáit rannpháirteach ar bhonn láidir. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle di na conclúidí uaithi "I dtreo Aontas inmharthana níos inbhuanaithe" mar fhreagairt ar pháipéar machnaimh ón gCoimisiún: *Towards a sustainable Europe by 2030* [I dtreo Eoraip inbhuanaithe faoi 2030]. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá dearbhú polaitiúil atá beacht, cuimsitheach, réamhbhreathnaitheach agus dosháraithe agus lena neartaítear an móiminteam do chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus na SDGanna.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle gur foilsíodh an chéad Tuarascáil Chomhchoiteann Sintéise ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit *Supporting the Sustainable Development Goals across the world* [Ag tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fud an domhain] mar rannchuidiú tábhachtach le tuairisciú an Aontais ag HLPF in 2019. Maidir leis an bpróiseas atá mar bhonn taca le tuarascálacha comhpháirteacha sintéise a dhéanfar amach anseo a mhionsaothrú, cuireann an Chomhairle i bhfios gur cheart don phróiseas sin leanúint de bheith comhoibríoch agus trédhearcach, ba cheart dó úinéireacht na mBallstát a áirithiú agus gealltanais bheartais an Chomhdhearcaidh a léiriú. Ag an am céanna, meabhraíonn an Chomhairle di gur gá na róil shoiléire institiúideacha nó náisiúnta d'institiúidí agus Ballstáit an Aontais a urramú ina n-iomláine.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht chomhchoiteann an Aontais agus a Bhallstát i ndáil leis na SDGanna a chur chun feidhme ar fud an domhain, agus gach modh cur chun feidhme á ngiaráil acu chun tacaíocht a thabhairt do Chlár Oibre 2030. Aithníonn an Chomhairle freisin na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na hidirnaisc idir na SDGanna éagsúla ar bhealach níos comhtháite. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá na sineirgí a neartú idir Clár Oibre 2030, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, Comhaontú Pháras agus Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste.

5. Tugann an Chomhairle dá haire gur thug an tAontas agus a Bhallstáit tacaíocht láidir chomhsheasmhach do luachanna agus prionsabail an Aontais agus is díol sásaimh di go háirithe na hiarrachtaí feabhsaithe chun dul chomh fada leo siúd atá in anchaoi agus chun dul i ngleic le gach cineál neamhionannais, i gcomhréir leis an bprionsabal nach bhfágfaí aon duine ar lár agus go rachfaí chomh fada leo siúd is faide ar gcúl i dtús báire.

6. Cuireann an Chomhairle in iúl gur chuir an tAontas agus a Bhallstáit an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht chun cinn agus go bhfuil siad i measc na n-eagraíochtaí is mó a thugann an tacaíocht don daonlathas, cearta an duine, an dea-rialachas agus an smacht reachta. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart an comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt (PCD) a bheith ina phríomheilimint i gcónaí in iarracht fhoriomlán an Aontais chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme agus is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh éifeachtaí iarmhartacha diúltacha a bhíonn ag beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais ar thíortha i mbéal forbartha a laghdú agus agus ó thaobh sineirgí a chur chun cinn idir na beartais agus gníomhaíochtaí éagsúla a thacaíonn le SDGanna.

7. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur thacaigh an tAontas agus a Bhallstáit go láidir le forbairt shóisialta agus dhaonna, lena n-áirítear trí thosaíocht a thabhairt don chosaint shóisialta, obair chuibhiúil, clúdach uilíoch sláinte agus rochtain ar oideachas ina gcomhar um fhorbairt. Go háirithe, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an méid a baineadh amach i leith an chomhionannais inscne, chumhachtú na mban agus na gcailíní agus aghaidh a thabhairt ar an bhforéigean in aghaidh na gcailíní agus na mban.

8. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin an dul chun cinn a rinne an tAontas agus a Bhallstáit ó thaobh tacaíocht a thabhairt don mhaolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, cosaint an chomhshaoil agus bainistiú inbhuanaithe agus úsáid na n-acmhainní nádúrtha. Meabhraíonn an Chomhairle di a gealltanas Clár Oibre 2030 agus Comhaontú Pháras um Athrú Aeráide a chur chun feidhme trí ghníomhaíocht chomhordaithe agus chomhleanúnach, agus chun tacú le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta chun fóirdheontais na mbreosla iontaise dochracha a chéimniú amach de réir a chéile.

9. Is mór ag an gComhairle freisin go ndearna an tAontas agus a Bhallstáit comhar um fhorbairt a oiriúnú do chúinsí tíortha éagsúla, gur oibrigh siad le chéile ar bhealach níos fearr, gur thóg siad cineálacha cur chuige nuálacha agus gur fhorbair siad comhpháirtíochtaí níos láidre agus níos cuimsithí le gníomhairí forbartha eile, lena n-áirítear eagraíochtaí iltaobhacha, an tsochaí shibhialta, an óige, údaráis áitiúla agus an earnáil phríobháideach.

10. Tugann an Chomhairle dá haire go gcaithfear dlús a chur leis an dul chun cinn i roinnt príomhréimsí. Déanann an Chomhairle an méid a leanas go háirithe:

a. Aithníonn sí na hiarrachtaí atá déanta ag an Aontas agus a Bhallstáit chun a straitéisí agus a gcláir comhair um fhorbairt a ailíniú níos dlúithe le cur chun feidhme na SDGanna, ag cur san áireamh creataí atá ann cheana. Molann sí go láidir cineálacha cur chuige a úsáid a éiríonn níos comhtháite chun comhthairbhí a chruthú lena n-áirithítear go gcomhlíontar roinnt mhaith SDGanna leis na hacmhainní atá ann.

b. Iarrann sí ar an Aontas agus a Bhallstáit a straitéisí tacaíochta a oiriúnú a thuilleadh le riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta. Molann sí dóibh dul i ngleic le tíortha comhpháirtíochta trí idirphlé beartais bunaithe ar an SDG, agus leasanna agus tosaíochtaí comhroinnte á cur san áireamh chomh maith le pleananna forbartha náisiúnta agus Athbhreithnithe Náisiúnta Deonacha á bhforbairt.

c. Iarrann sí ar an Aontas agus a Bhallstáit iarracht chomhbheartaithe níos láidre a dhéanamh chun tacú le tíortha comhpháirtíochta na SDGanna, agus spriocanna aeráide, a lánpháirtiú ina straitéisí, beartais, buiséid, creataí airgeadais agus tuairisciú náisiúnta.

d. Molann sí don Aontas agus a Bhallstáit iarrachtaí a shaothrú chun oibriú níos fearr le chéile, go háirithe ar leibhéal na tíre comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí chlársceidealú comhpháirteach, cur chun feidhme comhpháirteach agus trí chreataí torthaí comhpháirteacha. Leis seo cuideofar le giaráil chomhar um fhorbairt an Aontais a mhéadú.

e. Molann sí don Aontas agus a Bhallstáit leanúint de chórais stóinsithe tuairiscithe torthaí a fhorbairt lena léirítear an tionchar atá ag an Aontas agus a Bhallstáit i leith tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme SDG, lena n-áirítear i gcás ina dtugann gníomhaíochtaí aghaidh ar ilchuspóirí. Iarrann sí freisin ar an Aontas agus a Bhallstáit iarrachtaí a ghéarú chun acmhainneachtaí staidrimh na dtíortha comhpháirtíochta a thógáil chun faisnéis a thabhairt maidir leis an mbeartas agus leis an gcinnteoireacht chun tacú le SDGanna.

11. Ar an iomlán, aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn a rinne an tAontas agus a Bhallstáit ó thaobh an Comhdhearcadh a chur chun feidhme agus tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 mar threoirphlean idirnáisiúnta chun deireadh a chur leis an mbochtaineachta agus forbairt inbhuanaithe ar fud an domhain a chothú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a gealltanas chun acmhainní a dhíriú ar na háiteanna is mó ina bhfuil gá leo, go háirithe na tíortha is lú forbartha agus na tíortha ina bhfuil leochaileacht nó ina ndéanann an choinbhleacht dochar dóibh.

12. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a gealltanas chun tacú le forbairt inbhuanaithe, i gcomhpháirtíocht leis na Náisiúin Aontaithe, agus go mbeidh sé mar bhunchloch don ord domhanda atá bunaithe ar rialacha. Is díol sásaimh don Chomhairle an Tuarascáil maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Domhanda agus an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le SDGanna ón Ard-Rúnaí. Is ríthábhachtach é go rachaidh an tAontas agus a Bhallstáit i mbun idirphlé leis na gníomhairí uile lena mbaineann, lena n-áirítear ag na HLPFanna i mí Iúil agus i mí Mheán Fómhair 2019, chun cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a chomhordú agus a luasghéarú.